Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Aibreán 2018**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0112 (COD)**

**8413/18**
**ADD 3**

**MI 295**
**COMPET 250**
**DIGIT 77**
**IND 108**
**TELECOM 102**
**PI 42**
**AUDIO 27**
**JUSTCIV 97**
**CODEC 649**
**IA 111**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Aibreán 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2018) 139 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn d'úsáideoirí gnó a bhaineann úsáid as seirbhísí idirmheánaithe ar líne |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2018) 139 final ón gCoimisiún.

---

Faoi iamh: SWD(2018) 139 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.4.2018
SWD(2018) 139 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**omaidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn d'úsáideoirí gnó a bhaineann úsáid as seirbhísí idirmheánaithe ar líne**

{COM(2018) 238 final} - {SEC(2018) 209 final} - {SWD(2018) 138 final}

GA GA

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| Measúnú Tionchair ar Thogra le haghaidh Rialachán maidir le Cothroime sa Trádáil Idirmheánaithe ar Líne. |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** |
| Ní mór do cheannaithe a bhíonn ag trádáil ar líne dul i ngleic le sraith de chleachtais trádála a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dóibh i gcás ina ndéanann ardáin ar líne a gcuid trádála a idirghabháil. De réir na fianaise féadann na cleachtais sin – amhail díliostú gan ráiteas faoi na cúiseanna nó athruithe tobanna ar na Téarmaí agus na Coinníollacha – tionchar diúltach suntasach a imirt ar ghnólachtaí.<br><br>Nuair a bhíonn fadhbanna ann, ní bhíonn aon sásraí sásaimh éifeachtacha ar fáil in AE chun fadhbanna a réiteach. Fágann sin nach mbaineann gnólachtaí Eorpacha tairbhe iomlán as an bpoitéinseal atá ag an ngeilleagar ardáin ar líne, rud a dhéanann dochar do na hardáin agus ar deireadh do thomhaltóirí i gcomhthéacs na trádála trasteorann. Rud eile, bíonn tionchar díreach ar láimhdeachas gnólachtaí ag a n-infheictheacht ar ardáin ar líne agus ar innill chuardaigh ghinearálta ar líne. Bíonn tionchar díreach ag cleachtais rangaithe ar infheictheacht suíomhanna gréasáin agus ar an trácht idirlín a fhaightear. D'fhéadfadh tionchar fíordhiúltach a bheith ag cleachtais rangaithe theimhneacha ar ghnólachtaí.<br><br>San am céanna bíonn deacrachtaí ag ardáin ar líne feidhmiú ar fud an mhargaidh aonair mar go bhfuil méadú ag teacht ar ilroinnt an mhargaidh aonair. Cuireann sin teorainn leis an méid díolacháin, díolachán trasteorann go háirithe, a dhéanann gnólachtaí AE ar ardáin ar líne.<br><br>Leis na fadhbanna sin cuirtear leis an méadú atá ag teacht ar thábhacht na n-ardán ar líne maidir le hidirbhearta a idirmheánú idir tomhaltóirí agus gnólachtaí. Is mó atá gnólachtaí ag brath ar ardáin ar líne anois, agus is é a thagann as sin éifeachtaí gréasáin sonraíbhunaithe, mar aon le 'toisc eagla' mór, éagothroime idir cumhacht mhargála ceannaithe agus cumhacht mhargála ardán. |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** |
| Trí chuspóir beartais atá leis an tionscnamh seo. Ar an gcéad dul síos, is é is aidhm leis an togra a áirithiú go ndéileálfaidh ardáin ar líne go cothrom trédhearcach intuartha le húsáideoirí gnó. Ar an dara dul síos, is é is aidhm leis an togra roghanna níos éifeachtaí maidir le sásamh a fháil a chur ar fáil d'úsáideoirí gnó nuair a bhíonn orthu dul i ngleic le fadhbanna. Ar an tríú dul síos, is é is aidhm leis an togra timpeallacht rialála intuartha atá fabhrach don nuálaíocht a chruthú d'ardáin ar líne laistigh d'AE. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** |
| Cruthaíonn ardáin amhail Booking.com, Facebook, eBay nó Amazon (agus go leor eile) nasc idir na milliúin tomhaltóirí agus ceannaithe trasteorann in AE, gan beann ar an áit ina bhfuil siad bunaithe go dlíthiúil. Tá gné thrasnáisiúnta láidir ag na fadhbanna atá ann ó thaobh an Mheasúnaithe Tionchair de. I gcásanna ina gcuirtear ardáin ar líne ar bun i margadh náisiúnta amháin, leathnaíonn siad go pras agus go héasca thar theorainn a margaidh bunaidh, agus ar ndóigh feidhmíonn roinnt ardán ar líne ar bhonn trasteorann.<br><br>Ní féidir dul i ngleic le tréithe trasnáisiúnta sainiúla na faidhbe le beart ar leibhéal na mBallstát amháin. Eascraíonn breisluach AE as na rialacha aonfhoirmeacha lena struchtúraítear an caidreamh idir ceannaithe agus ardáin agus is gá sin chun go mbeidh an Margadh Aonair Digiteach ag feidhmiú go rianúil.<br><br>Is é is aidhm leis an tionscnamh seo díobháil dhíreach do ghnólachtaí a chosc sa ghearrthéarma, agus an poitéinseal atá in ardáin ar líne ó thaobh an Mhargaidh Aonair de a choimirciú sa mheántéarma agus san fhadtéarma tríd an mhuinín atá ag úsáideoirí gnó a mhéadú agus trí fhreagairtí beartais atá bunaithe ar an bhfaisnéis a chumasú ar an leibhéal iomchuí. Ar an gcaoi sin cuidíonn sé leis na rannpháirtithe go léir i dtimpeallacht na n-ardán ar líne a chosaint. |

## B. Réitigh

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?**

Sa Mheasúnú Tionchair rinneadh raon roghanna beartais a mheas, idir chur chuige féin-rialála iomlán neamhreachtach agus rialacha éigeantacha atá iomlán ceangailteach arb é is aidhm leo na cuspóirí beartais a chomhlíonadh.

Sna roghanna beartais iomlán neamhreachtach a measadh díríodh ar ghlaonna ar an tionscal bearta deonacha a fhorbairt chun dul i ngleic leis na cleachtais trádála a measadh a bheith ina bhfadhb chun an rochtain ar shásamh d'úsáideoirí gnó trí bhíthin féinrialála a fheabhsú. Ar an gcaoi chéanna bheadh straitéis faireacháin ar ghealltanais ón tionscal chun éifeachtacht agus éabhlóid na bhfadhbanna a thuairisciú. Fuarthas réidh leis an rogha seo toisc gur dóigh nach gcomhlíonfaí léi cuspóirí beartais go hiomlán.

Ar na roghanna beartais reachtaigh a measadh, rinneadh réitigh comhrialála (ina nascfaí gnéithe reachtacha agus neamhreachtacha) a mheas mar aon le rialacha éigeantacha atá iomlán ceangailteach gan aon ghnéithe deonacha iontu. Le réiteach atá ceangailteach go hiomlán leagfaí síos rialacha éigeantacha uileghabhálacha lena gcuirfí cosc ar na cleachtais trádála i gceist, mar aon le sásra réitigh díospóide éigeantach a mbeadh feidhm aige ar fud AE, agus gníomhaireacht rialála lánfheidhme ( rud atá molta ag roinnt Ballstát). Fuarthas réidh leis seo toisc go raibh sé díréireach.

Is é atá sa rogha thosaíochta chomhrialála réiteach lena dtéitear i ngleic leis na saincheisteanna a sainaithníodh maidir leis na hardáin ar líne agus le cuardach ginearálta ar líne. Maidir leis na hardáin ar líne, is é atá sa chuid rialála tacar d'oibleagáidí maidir le trédhearcacht atá ceangailteach go hiomlán ar ardáin, oibleagáid sásraí sásaimh a chur ar bun, mar aon le forálacha maidir le sásamh comhchoiteann do chomhlachais a dhéanann ionadaíocht ar ghnólachtaí a cheadú. Chuirfí leis sin glao neamhéigeantach ar an tionscal comhlacht idirghabhála neamhspleách a chruthú chun déileáil le gearáin. Ar deireadh cuirfear faireachlann AE ina mbeidh grúpa saineolaithe ar bun d'fhadhbanna atá ag teacht chun cinn le haghaidh faireachán a dhéanamh ar threochtaí agus ar an gcaoi a dtiocfaidh na fadhbanna sin chun cinn. I dtaca le hinnill chuardaigh ghinearálta ar líne, tá an rogha thosaíochta spriocdhírithe ar dhul i ngleic leis an spleáchas a thagann as cleachtais rangaithe a d'fhéadfadh bheith díobhálach. Tá na bearta atá beartaithe teoranta d'oibleagáid trédhearcachta raonta (teoranta do shaincheist an rangaithe amháin) agus do sheasamh dlí le haghaidh eagraíochtaí ionadaíochta chun gníomhú ar son a gcomhaltaí gnó.

**Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo**

Tríd is tríd tacaíonn úsáideoirí gnó ardán ar líne le rialacha éigeantacha a bhfuil raon feidhme leathan acu maidir leis an ngeilleagar ardáin chun a gcumas luamhánaithe i dtaca leis an gcaidreamh, a ndéanann ardáin ar líne idirghabháil ina thaobh, a mhéadú. Orthu sin tá rialacha maidir le gnólachtaí a dhíliostú agus maidir le trédhearcacht i ndáil le cleachtais idirdhealaitheacha nó aipeanna a rangú, mar aon le rialacha maidir le rochtain ar shonraí i margaí ríomhthráchtála.

Go ginearálta tacaíonn na hardáin ar líne le bearta féinrialála agus cuireann siad in aghaidh rialacha éigeantacha toisc gur rómhór an t-ualach iad ar a samhlacha gnó, dar leo, agus go bhfuil siad díréireach leis na fadhbanna i gceist. Tá tacaíocht léirithe ag na saineolaithe atá freagrach as an Margadh Aonair Digiteach agus as an ríomhthráchtáil i rialtais na mBallstát do chur chuige comhrialála fadhb-bhunaithe, i bprionsabal.

Maidir leis an trédhearcacht i ndáil le rangú agus úsáid sonraí, chomhaontódh na hardáin le leibhéal ard nochta ach is cúis imní dóibh an "chluichíocht"agus an ionramháil algartam a d'fhéadfaí a dhéanamh i gcás an iomarca trédhearcachta a bheith ann. Le hinnill chuardaigh ghinearálta cuirtear treoir chuimsitheach ar fáil maidir leis an rangú a optamú, ach tugtar rabhadh leo maidir leis an neamhéifeachtacht a bhaineann le halgartaim a nochtadh, go háirithe i dtaca le halgartaim a athrú go mion minic agus i dtaca leis na rioscaí a bhaineann le torthaí cuardaigh a ionramháil.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

| **Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?** |
|---|
| Thar aon ní eile meastar go dtiocfaidh as an rogha thosaíochta tairbhithe do cheannaithe AE trí bhíthin díolacháin bhreise sa gheilleagar ardáin dhigitigh rud a rachadh chun leasa d'ardáin ar líne. An bac atá ar an ngeilleagar ardáin ar líne a thagann as an easpa muiníne atá ag úsáideoirí gnó as, meastar go bhféadfaí an treocht sin a iompú leis an togra seo. Meastar gur iompú idir EUR 0.81 billiún and EUR 4.05 billiún a dhéanfaí ar an mbac sin.<br><br>Rud eile, bíonn tionchar díreach ar láimhdeachas gnólachtaí ag a n-infheictheacht ar innill chuardaigh ghinearálta ar líne. D'fhágfadh an oibleagáid trédhearcachta maidir leis an rangú sa chuardach ginearálta gur mhó an méid intuarthachta a bheadh ann d'úsáideoirí gnó.<br>San am céanna chuideodh an oibleagáid sin le gnólachtaí straitéisí optamaithe cuardaigh a fhorbairt, léargas níos fearr a fháil a chuideodh le gnólachtaí rochtain a fháil ar mhargaí nua agus tairbhe a bhaint as deiseanna nuálaíochta a thairgfear ar líne, rud a chuirfeadh feabhas ar a gcumas iomaíochta. Rachadh sin chun tairbhe do FBManna agus d'fhiontair nach bhfuil aon láithreacht ar líne acu nó atá i mbéal láithreacht a fhorbairt ar líne. Le léargas níos fearr ar bheartais rangaithe d'fhéadfaí cuidiú le húsáideoirí gnó tairbhe a bhaint as deiseanna nuálaíochta a thairgfear ar líne.<br>Féadtar a mheas freisin go mbeidh éifeacht ag an rogha thosaíochta a chothóidh an t-iomaíochas idir innill chuardaigh agus suíomhanna comparáide trí bhíthin trédhearcachta feabhsaithe, toisc gur mó an deis difreála a thiocfadh as beartais rangaithe phoiblí do ghnólachtaí nuathionscanta, do nuatheachtaithe agus do ghníomhairí atá ann cheana. D'fhéadfadh méadú teacht ar an iomaíocht maidir le cáilíocht earraí agus seirbhísí idir úsáideoirí gnó a bhíonn ag brath ar innill chuardaigh dá straitéisí margaíochta a bhuí le léargas níos mó ar bheartais rangaithe – a mhéid is nach bhfuil dearadh gréasáin úsáideoirí gnó optamaithe chun sofheictheacht a bhaint amach. Ní mór a chur san áireamh freisin go rannchuidíonn an rogha thosaíochta chomh maith céanna le toradh atá níos neamhchlaonta do thomhaltóirí toisc gur fusa is féidir torthaí ardábharthachta a shainaithint. Neartófaí le hoibleagáid trédhearcachta a leagfaí síos i ndlí AE cumas gnólachtaí an fhoráil sin a úsáid in imeachtaí cúirte. Ar deireadh, ba chomhlánú é a bheadh ina chuidiú le huirlisí forfheidhmithe faoi dhlí na iomaíochta os rud é gurbh fhearr a d'fhéadfaí léargas a fháil ar iompar idirdhealaitheach féideartha. D'fhéadfaí a mheas go gcúiteofaí na costais teoranta leis an muinín bhreise a chuirfí in innill chuardaigh i ngeall ar an tionscnamh.<br><br>Is féidir a shamhlú go dtiocfadh sochair leasa shóisialaigh as trédhearcacht agus intuarthacht mhéadaithe ar líne d'fhiontraithe féinfhostaithe nó do mhicrifhiontair a oibríonn trí bhíthin ardáin dhigiteacha. Áirítear sa mhéid sin úsáideoirí gairmiúla a oibríonn ar ardáin sa gheilleagar eacnamaíoch (cé gurb ar an leibhéal náisiúnta a leagtar síos an teorainn idir úsáid ghairmiúil agus úsáid phearsanta san Aontas), ach ní féidir cineál agus raon na leasanna sin a chainníochtú go grinn.<br><br>Féadtar a mheas go dtiocfaidh as an rogha thosaíochta méadú ar dheiseanna fostaíochta nó go gcoinneofar na deiseanna atá ann cheana.<br><br>Ní mheastar go dtiocfaidh aon tairbhí díreacha don chomhshaol as an mbeart. |

| **Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann dóibh; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** |
|---|
| Baineann príomhchostais na rogha tosaíochta leis an gceanglas sásra sásaimh inmheánach a chruthú d'úsáideoirí gnó, mar aon le costais comhlíontachta aon uaire a bheadh ar chur chun feidhme na gceanglas trédhearcachta, is é sin go praiticiúil téarmaí agus coinníollacha na n-ardán a ghlacadh. Bíonn éagsúlacht mhór ar na costais sin de réir a méide, a gcastachta agus líon na n-idirbheart a ndéantar idirghabháil orthu, coibhéis lánaimseartha aon bhall foirne d'ardán beag, agus cothrom le 0.03% de láimhdeachas d'ardáin mhóra, de réir sonraí ón tionscal. Meastar nach mbeidh aon chostais bhreise ann do cheannaithe AE a bhíonn ag trádáil ar ardáin. Meastar go mbeidh na costais chomhlíontachta ar innill chuardaigh ghinearálta ar líne teoranta go leor, is é sin ar na hinnill chuardaigh mhóra (a bhfuil treoracha maidir le innill chuardaigh a optamú (SEO) foilsithe acu a d'fhéadfaí a chur in oiriúint d'úsáideoirí gnó, nó a d'fhéadfadh i gcásanna áirithe a bheith ina n-eiseamláir i ndáil le bealaí chun fíor-thrédhearcacht a cur ar fáil), agus ar na hinnill chuardaigh bheaga ar aon (ós rud é go mbeidís ar aon in ann an tairbhe chéanna a bhaint as na dea-chleachtais atá ann cheana). |

Níl aon tionchar suntasach diúltach díreach ag an rogha thosaíochta ar an tsochaí ná ar an gcomhshaol.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

Is gnólachtaí de gach méid a úsáideann ardáin chun trádáil a dhéanamh a bheidh ar phríomthairbhithe na rogha tosaíochta. Cuideoidh na tairbhí coibhneasta áirithe sin níos mó le páirtithe níos laige amhail micrifhiontair, a bhfuil a gcumhacht mhargála sa gheilleagar ardáin ar líne teoranta go maith.

I ndáil le gnólachtaí ardáin, dhíolmhófaí fiontair bheaga (níos lú na 50 fostaí) leis an rogha thosaíochta ón oibleagáid sásra sásaimh inmheánach a chur ar bun ionas nach mbeadh ualaí riaracháin ar ghnólachtaí ardáin AE agus iad i mbun fáis. I dtaca leis an deis atá ann tairseach bhreise a leagan síos lena ndíolmhófaí fiontair ón rialachán iomlán, i bhfianaise na hanailíse a rinneadh ar na buntáistí agus na míbhuntáistí, ní féidir a chinneadh an bhfuil gá le díolúine cothrománach a chur leis an díolúine a bhaineann leis an sásra sásaimh inmheánach nó nach bhfuil.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Ní imreofar.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Agus tuilleadh ceannaithe beaga ag teacht isteach sa mhargadh ardáin is iad na tairbhí indíreacha do thomhaltóirí na tairbhí is suntasaí, a bhuí le rogha níos leithne, muinín níos mó agus méadú ar an trédhearcacht e.g. i gcásanna amhail na critéir ghinearálta lena gcinntear na sásraí rangaithe a nochtadh. Meastar go dtiocfaidh tairbhí indíreacha breise i réimse na nuálaíochta as méadú ar an láimhdeachas agus as breis intuarthachta agus chomh maith leis sin as an trédhearcacht ar mhódúlachtaí na mbeartas um rochtain ar shonraí. Rinneadh measúnú ar thionchair eile a d'fhéadfadh a bheith suntasach i réimsí amhail cearta bunúsacha agus tionchair ar ardáin neamh-AE agus cinneadh nach bhfuil na tionchair sin suntasach.

## D. Iarobair

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Tá sé ceaptha athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas atá molta tar éis dó bheith i bhfeidhm ar feadh trí bliana, agus faireachlann thiomanta AE a chur leis lena mbraithfear treochtaí atá ag teacht chun cinn sa gheilleagar digiteach agus lena ndéanfar anailís orthu, agus as a mbainfear leas chun athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas. Is cuid thábhachtach den bheartas é seo lena n-áiritheofar cur chuige oiriúnaitheach sofhreagrach a sheasfaidh an aimsir agus atá curtha in oiriúint don réimse dinimiciúil sin.